An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**
**(OR. en)**

**EUCO 2/26**

**CO EUR 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtarán na Comhairle Eorpaí |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (an 19 Márta 2026)<br>- an Úcráin |

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí maidir leis an Úcráin. Thacaigh 25 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach sa doiciméad seo.

## AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Agus an cúigiú bliain de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin buailte linn anois, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas Eorpach, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe a bhfuil an dearcadh céanna acu, de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine.

3. Molann an Chomhairle Eorpach neart, diongbháilteacht agus teacht aniar mhuintir na hÚcráine agus cheannairí na tíre sin agus iad ag cur i gcoinne fhogha na Rúise agus ag cosaint a gcríche. Tá ag éirí leis an Úcráin an fód a sheasamh agus cur i gcoinne an bhrú ollmhóir ón Rúis agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar an Rúis a cuspóirí míleata agus straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú i ndáil leis an méid sin go mbeidh na hacmhainní buiséadacha agus míleata ag an Úcráin chun leanúint dá ceart bunúsach féinchosanta a fheidhmiú agus chun fogha na Rúise a chomhrac agus a dhíspreagadh.

4. Is san Aontas Eorpach atá todhchaí na hÚcráine agus a cuid saoránach. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin go dtí seo in ainneoin í a bheith in anacair ghéar agus molann sí go ndéanfaí na hathchóirithe breise is gá. Ag eascairt as an measúnú a rinne an Coimisiún, agus é á thabhairt dá haire aici go bhfuil dul chun cinn déanta sa Chomhairle maidir leis an obair theicniúil chun na cnuasaigh uile a oscailt, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle na cnuasaigh a oscailt gan mhoill, an cnuasach maidir leis na gnéithe bunúsacha ar dtús, i gcomhréir leis an modheolaíocht um méadú agus leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe.

5. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go dtacaíonn an tAontas go láidir le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta agus ráthaíochtaí láidre inchreidte slándála don Úcráin mar bhonn taca léi. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí taidhleoireachta leanúnacha atá á ndéanamh chun deireadh a chur leis an gcogadh agus tacaíonn sí go hiomlán leis an Úcráin sa chaibidlíocht. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis teacht ar chomhaontú maidir le sos cogaidh iomlán, neamhchoinníollach, láithreach agus dul i mbun caibidlíocht fhóinteach chun síocháin chóir mharthanach a bhaint amach. Má tá an tsíocháin le bheith cóir marthanach, ní mór an urraim do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a bheith ina bunchloch. Níor cheart teorainneacha a athrú le teann fornirt, ní féidir an t-ionsaitheoir a chúiteamh agus ní mór slándáil na hÚcráine agus a cumas í féin a chosaint a ráthú san fhadtéarma.

6. Leanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de bheith rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí síochána, i gcomhréir le haidhm an Aontais Eorpaigh an tsíocháin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear sna Conarthaí. Ní féidir conair na síochána san Úcráin a chinneadh in éagmais na hÚcráine. Is é an tAontas Eorpach a dhéanfaidh cinntí ar ábhair a bhaineann lena inniúlacht féin nó a mbíonn tionchar acu ar a shlándáil féin.

7. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir le rannchuidiú le ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe. Áireofar leis sin tacú le cumas na hÚcráine fogha a dhíspreagadh agus í féin a chosaint go héifeachtach, san fhadtéarma freisin, lena n-áirítear trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) agus trí Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin (EUAM Ukraine). Beidh rannchuidiú an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát bunaithe ar a n-inniúlachtaí agus a gcumais faoi seach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach an Rúis go láidir as bheith ag díriú go córasach agus d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach agus fuinnimh na hÚcráine, agus go háirithe ar shuiteálacha téimh agus cumhachta. Is díol sásaimh di an tacaíocht fuinnimh agus an cúnamh cosanta, idir dhaonnúil agus sibhialta a thug an tAontas agus na Ballstáit, mar aon le comhpháirtithe idirnáisiúnta, don Úcráin. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús le hiarrachtaí an Aontais, arna gcomhordú le hiarrachtaí na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, chun tacú leis an Úcráin a córas fuinnimh a chóiriú agus a atógáil agus a hathléimneacht a neartú mar ábhar práinne.

9. Tar éis an chinnidh ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2025 maidir le hiasacht tacaíochta EUR 90 billiún a chur ar fáil don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027, is díol sásaimh di gur ghlac na comhreachtóirí an iasacht agus tá sí ag tnúth leis an gcéad eisíocaíocht a dhéanfar leis an Úcráin faoi thús mhí Aibreáin. I ndáil leis an méid sin, iarrann sí freisin go gcuirfí dlús leis an bhfor-rochtain chuig tríú tíortha chun go gcabhrófaí leis an mbearna EUR 30 billiún atá fós in airgeadas na hÚcráine a dhúnadh.

10. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun tacaíocht mhíleata a thabhairt don Úcráin agus dlús a chur mar ábhar práinne le táirgeadh agus seachadadh trealaimh tosaíochta, go háirithe córais aerchosanta, armlón, dróin agus diúracáin, lena n-áirítear chun cabhrú leis an Úcráin a bonneagar fuinnimh agus criticiúil a chosaint. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí tionscal cosanta na hÚcráine a fhorbairt, lena n-áirítear trí chomhar tionsclaíoch i réimse na cosanta idir an tAontas agus an Úcráin.

11. Agus tacaíocht mhíleata agus ráthaíochtaí slándála á dtabhairt don Úcráin, tabharfar lánurraim don bheartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

12. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí tuilleadh brú a chur ar an Rúis agus leanúint de gheilleagar cogaidh na Rúise a lagú ionas go n-éireoidh sí as a cogadh foghach brúidiúil agus go rachaidh sí i mbun caibidlíocht fhóinteach ionsar an tsíocháin. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil go nglacfar an 20ú pacáiste smachtbhannaí gan mhoill. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé ioncam fuinnimh na Rúise a laghdú a thuilleadh agus srianta breise a chur ar chóras baincéireachta na Rúise agus thug sí dá haire na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun teorainn a chur le hoibríochtaí scáthchabhlaigh na Rúise. Chun an bonn a bhaint ó shamhail ghnó scáthchabhlach na Rúise, ní mór 'cur chuige an bhealaigh iomláin' a úsáid, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha comhshaoil, slándála agus sábháilteachta muirí a bhaineann leis na soithí sin, trí chur chuige coiteann. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfadh na Ballstáit tuilleadh iarrachtaí agus gníomhaíocht chomhordaithe. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhordú leis na comhpháirtithe sa ghrúpa G7 agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn maidir leis na smachtbhannaí, agus a thábhachtaí atá sé forfheidhmiú na mbeart atá ann cheana a neartú agus easnaimh a dhúnadh, agus neart a chur arís eile leis na bearta chun teacht timpeall a chosc.

13. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar gach tír deireadh a chur láithreach le haon chúnamh atá á thabhairt acu don Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin, bíodh sé díreach nó indíreach, agus go háirithe trí earraí agus comhpháirteanna dé-úsáide a sholáthar. Go háirithe, cáineann sí go láidir imscaradh fhórsaí míleata DPDC sa chogadh ar an Úcráin chomh maith leis an tacaíocht mhíleata leanúnach a chuireann an Iaráin, an Bhealarúis agus DPDC ar fáil, i measc tíortha eile.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a hiarraidh phráinneach ar an Rúis agus ar an mBealarúis féachaint chuige go bhféadfaidh gach leanbh agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach, go bhféadfaidh siad filleadh go sábháilte agus gan choinníoll ar an Úcráin. Ní mór iarrachtaí fóirithinte daonnúla agus bearta eile forbartha muiníne, go háirithe malartú príosúnach cogaidh agus sibhialtaigh atá á gcoinneáil a fhilleadh, a bheith ina gcuid den chonair i dtreo na síochána.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach meáite ar chuntasacht iomlán a áirithiú i leith na gcoireanna cogaidh agus i leith na gcoireanna eile is tromchúisí dá bhfuil á ndéanamh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha faoi chuimsiú Chomhairle na hEorpa i dtreo oibríochtú an Bhinse Speisialta maidir le coir an fhogha faoin Úcráin agus bhunú an Choimisiúin Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin.

16. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an mbagairt a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil inmheánach an Aontais ó iarchomhraiceoirí Rúiseacha a ghlac páirt san fhogha faoin Úcráin agus iarrann sí ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh don Chomhairle ar na bealaí lenar féidir dul i ngleic leis an tsaincheist sin, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin.

17. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.